Lá Fhéile Pádraig

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi pharáid na Féile Pádraig i mBéal Átha an Ghaorthaidh. Sula bhféachann tú ar an mír, déan cur síos don duine in aice leat ar a ndearna tú féin Lá Fhéile Pádraig.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- festivities
- sense of humour
- it attracts
- famous people
- live worms
- brain
- with willingness and zest
- enthusiastic
- electric car
- the talk of the town
- pipe band

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus déan plé leis an duine in aice leat faoin méid a bhí ar siúl i mBéal Átha an Ghaorthaidh.

Ceist 4 daoine cáiliúla **ACH** fir cháiliúla

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘cáiliúla’ thuas?
2. Cad faoi na cinn seo anois? Cuir séimhiú ar an aidiacht idir lúibíní más gá:

- gluaisteáin (dearga)
- Éigiptigh (móra)
- tithe (beaga)
- carraigeacha (dainséaracha)
- cathracha (plódaithe)
- teaghlaigh (Gaelacha)
- bialanna (Francacha)
- buidéil (glasa)
- foirgnimh (gránna)

Ceist 5 ‘…díograiseach…’

Féach ar na haidiachtaí seo thíos a chuireann síos ar dhaoine. Cad is brí leo?

suarach
leithleach/ leithleasach
flaithiúil

sotalach
gealgháireach
deisbhéalach
féinmhuiníneach
soghortaithe
foighneach
leanbaí
abaí

1. Roghnaigh na haidiachtaí (ón liosta) is fearr a chuireann síos ort féin agus pléigh leis an duine in aice leat iad.
2. An bhfuil aon aidiacht a chuireann síos ort féin nach bhfuil ar an liosta? Cad é?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad atá ar eolas agat faoin gclár *I'm a Celebrity Get Me Out of Here* agus cad é do bharúil faoi?
2. Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhainfeadh le carr leictreach, dar leat?
3. Cén fáth a raibh muintir Bhéal Átha an Ghaorthaidh ag spochadh as Uisce Éireann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

festivities – *scléip*
sense of humour – *féith an ghrinn*
it attracts – *meallann sé*
famous people – *daoine cáiliúla*
live worms – *péisteanna beo*
brain – *inchinn*
with willingness and zest – *le fonn agus le faobhar*
enthusiastic – *díograiseach*
electric car – *gluaisteán leictreach*
the talk of the town – *i mbaol an phobail*
pipe band – *buíon píobairí*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Cuirtear séimhiú ar aidiacht má chríochnaíonn an t-ainmfhocal a thagann roimhe le consan caol san uimhir iolra.

gluaisteáin dhearga
Éigiptigh mhóra
tithe beaga
carraigeacha dainséaracha
cathracha plódaithe
teaghlaigh Ghaelacha
bialanna Francacha
buidéil ghlasa
foirgnimh ghránna

Ceist 5
suarach – *mean*
leithleach/ leithleasach – *selfish*
flaithiúil – *generous*
sotalach – *arrogant*
gealgháireach – *cheerful*
deisbhéalach – *well-spoken, witty*
féinmhuiníneach – *self-confident*
soghortaithe – *sensitive*
foighneach – *patient*
leanbaí – *childish*
abaí – *mature*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Fáilte ar ais chuig an gclár nuachta speisialta seo ar scléip na Féile Pádraig. Go Múscraí linn anois, áit a bhfuil spiorad iontach i measc an phobail agus féith an ghrinn go láidir iontu, rud a bhí le feiceáil go soiléir i bparáid an lae inniu.

Meallann Béal Átha an Ghaorthaidh go leor daoine cáiliúla don pharáid gach bliain. Inniu bhí comórtas eatarthu: *I'm a Celebrity Get Me Out Of Here*, a bhí i gceist. Agus, díreach cosúil leis an gclár teilifíse, b'éigean dóibh trialacha *Bush Tucker* a dhéanamh. Bhí Ed Sheeran ullamh don ócáid agus níor chuir na péisteanna beo a tugadh do le n-ithe[1] aon déistin air. Inchinn froig a cuireadh os comhair Roy Keane agus mar a chéile, thug sé faoi le fonn agus le faobhar. Ach má bhí an bheirt sin díograiseach, bhí Conor McGregor ag léimt[2] as a chraiceann. Cé eile a tháinig chun *Bush Tucker* a thriail ach an tAire, Joan Burton, ina gluaisteán leictreach. Gloine uisce a tugadh di sin le hól. Bhí cúrsaí uisce go mór i mbéal an phobail i mBéal Átha inniu. Bhí oibrithe ó Uisce Éireann ar an bhfód chun méadair uisce a chur isteach sna tithe. Ach, níor thángadar i ngan fhios do Father Ted agus do Father Dougal agus do chuadar i mbun agóidíochta[3] go fíochmhar. Tá fonn agóidíochta ar dhaoine áirithe anseo go mbeidh úinéirí an tí tábhairne áitiúil, Ard na Laoi, ag seasamh siar ón obair sin. Ní agóidíocht a bhí ar siúl ag scata páistí ón gceantar áfach, ach rince. Agus, mar is gnách, bhí buíon píobairí Bhéal Átha an Ghaorthaidh i láthair chun lá mór na nGael a cheiliúradh.

[1] *le hithe* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *ag léim* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *agóide* atá sa Chaighdeán Oifigiúil